# *Olltoghchán na Dála an 26 Feabhra 2016*

*Tuarascáil ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí*
*chuig an gCeann Comhairle de bhun an Achta Toghcháin, 1997, arna leasú.*

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

*Nollaig 2016*

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 HE97
T: (01) 6395666 | sipo@sipo.ie | www.sipo.ie | Twitter:@SIPOCIreland

**Clár Ábhar**

Brollach

Caibidil 1 Réamhrá

Caibidil 2 Nochtadh síntiús ag iarrthóirí nár éirigh leo

2.1 Ráitis síntiús agus deimhnithe síntiús airgid a fuarthas ó iarrthóirí nár éirigh leo
2.2 Síntiúis a nochtadh

Caibidil 3 Caiteachas toghcháin ag iarrthóirí agus ag páirtithe polaitíochta

3.1 Sainmhíniú ar speansais toghcháin
3.2 Speansais toghcháin ar freastalaíodh orthu le cistí poiblí
3.3 Teorainneacha caiteachais
3.4 An tréimhse toghcháin
3.5 Ráitis speansas toghcháin a eisiúint
3.6 Daoine a tarchuireadh chuig an nGarda Síochána
3.7 Caiteachas tuairiscithe sa toghchán

Caibidil 4 Speansais toghcháin iarrthóirí a aisíoc

Caibidil 5 Gníomhaíocht i measc “daoine eile”/”tríú páirtithe” sa toghchán

Caibidil 6 Foilsiú ráiteas síntiús agus ráiteas speansas toghcháin a tugadh don Choimisiún um Chaighdeáin

Caibidil 7 Achoimre ar na leasuithe atá beartaithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin ar an reachtaíocht

**Brollach**

Tá áthas orm an tuarascáil seo a chur faoi bhráid Chathaoirleach Dháil Éireann (Ceann Comhairle) de réir fhorálacha alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú (an tAcht). Maidir leis na ráitis síntiús/dearbhuithe reachtúla dá dtagraítear sa tuarascáil, tugadh don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin) iad de bhun alt 24 den Acht. Maidir leis na deimhnithe síntiús airgid/dearbhuithe reachtúla agus na ráitis ó institiúidí airgeadais, tugadh iad de bhun alt 23B den Acht. Tugadh na ráitis speansas toghcháin de bhun alt 36 den Acht.

Sna Treoirlínte don Olltoghchán don 32ú Dáil 2016, tá faisnéis mhionsonraithe faoi cheanglais na reachtaíochta maidir leis na nithe seo a leanas:

- síntiúis pholaitíochta a nochtadh,
- teorainneacha ar luach na síntiús a bhféadfar glacadh leo,
- síntiúis thoirmiscthe,
- teorainneacha ar chaiteachas toghcháin, agus
- speansais toghcháin a aisíoc le hiarrthóirí cáilithe

Tá na treoirlínte sin ar fáil ar www.sipo.ie.

____________________

An Breitheamh Onórach Daniel O’Keeffe
Cathaoirleach
Nollaig 2016

## Caibidil 1: Réamhrá

Foráiltear le halt 4(1) den Acht go bhféadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin, nuair is cuí leis déanamh amhlaidh, tuarascáil a thabhairt don Cheann Comhairle ar aon ábhar a thagann chun cinn i ndáil le ráitis síntiús agus le ráitis speansas toghcháin arna dtabhairt don Choimisiún faoin Acht. De réir alt 4(5) den Acht, ní mór an tuarascáil sin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Lánscoireadh an 31ú Dáil an 3 Feabhra 2016 agus bhí an vótáil don olltoghchán don 32ú Dáil ar siúl an 26 Feabhra 2016. Chuaigh 551 iarrthóir san iomaíocht sa toghchán.

De réir fhorálacha Chuid IV den Acht, ceanglaíodh ar iarrthóirí nár éirigh leo in olltoghchán na Dála ráiteas síntiús, deimhniú síntiús airgid, dearbhú reachtúil agus/nó ráiteas bainc a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann 56 lá i ndiaidh lá na vótála (i.e. faoin 22 Aibreán 2016). Ceanglaíodh go nochtfaí sonraí faoi gach síntiús ar mhó a luach ná €600.00 a fuair iarrthóirí nár éirigh leo i ndáil leis an toghchán. Ceanglaítear ar iarrthóirí ar éirigh leo sa toghchán, mar chomhaltaí de Dháil Éireann, ráiteas síntiús bliantúil agus doiciméid ghaolmhara a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Eanáir gach bliain. Maidir leis na ráitis síntiús a thabharfaidh comhaltaí de Dháil Éireann don Choimisiún um Chaighdeáin i dtaca leis an mbliain 2016, ní mór sonraí a thabhairt iontu faoi aon síntiúis a fuair na comhaltaí le linn na bliana 2016 i ndáil le holltoghchán na Dála. Ní mór na ráitis sin a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Eanáir 2017.

Foráiltear le Cuid V den Acht go gceanglófar ar ghníomhaire toghcháin gach iarrthóra in olltoghchán Dála, is cuma cé acu a d'éirigh nó nár éirigh leis an iarrthóir lena mbaineann sa toghchán sin, ráiteas speansas toghcháin a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann 56 lá i ndiaidh lá na vótála (i.e. faoin 22 Aibreán 2016). Sa ráiteas speansas toghcháin, ní mór sonraí a thabhairt faoi gach speansas a thabhaigh an gníomhaire toghcháin thar ceann an iarrthóra sa toghchán agus faoi gach íocaíocht a rinne an gníomhaire toghcháin thar ceann an iarrthóra sa toghchán. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar ghníomhaire náisiúnta gach páirtí polaitíochta a bhfuil a n-iarrthóirí ag dul san iomaíocht sa toghchán agus ar "dhaoine eile" a thabhaigh speansais toghcháin ráiteas speansas toghcháin a thabhairt freisin.

## Caibidil 2: Nochtadh síntiús ag iarrthóirí nár éirigh leo

### 2.1 Ráitis síntiús agus deimhnithe síntiús airgid a fuarthas ó iarrthóirí nár éirigh leo

**Murar éirigh le hiarrthóir** sa toghchán, ceanglaíodh air/uirthi, **faoi cheann 56 lá** i ndiaidh lá na vótála (i.e. faoin 22 Aibreán 2016), ráiteas síntiús a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin. Sa ráiteas síntiús, ní mór sonraí a thabhairt faoi gach síntiús ar mó a luach ná €600 a fuarthas i ndáil leis an toghchán. Féach cuid 1.3 de na treoirlínte don olltoghchán ón gCoimisiún um Chaighdeáin, áit a bpléitear le síntiúis.

Chomh maith leis sin, ní mór deimhniú síntiús airgid a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin **faoi cheann 56 lá** i ndiaidh lá na vótála (i.e. faoin 22 Aibreán 2016), á dheimhniú gur taisceadh i gcuntas síntiús polaitíochta an iarrthóra gach síntiús airgid a fuarthas agus gur chun críocha polaitíochta a úsáideadh gach suim a baineadh as an gcuntas. Ní mór an deimhniú síntiús airgid agus an ráiteas síntiús a bheith sínithe ag an iarrthóir agus ní mór dearbhú reachtúil agus/nó ráiteas ó institiúid airgeadais a chur ar fáil in éineacht leo.

Má **toghadh** iarrthóir sa toghchán, níor ceanglaíodh air/uirthi ráiteas síntiús, dearbhú reachtúil ná deimhniú síntiús airgid a thabhairt faoi cheann 56 lá i ndiaidh lá na vótála. Ina áit sin, ceanglófar air/uirthi, mar chomhalta de Dháil Éireann, ráiteas síntiús bliantúil, deimhniú síntiús airgid agus dearbhú reachtúil a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Eanáir gach bliain.

### 2.2 Síntiúis a Nochtadh

De réir alt 4(1) den Acht, rinne an Coimisiún um Chaighdeáin breithniú ar na ráitis síntiús a fuair sé ó gach iarrthóir nár éirigh leo in olltoghchán na Dála. Rinneadh teagmháil le roinnt iarrthóirí i ndáil le síntiúis bharrachais fhéideartha agus, i bhformhór na gcásanna, rinneadh aisíocaíochtaí leis na síntiúsóirí lena mbaineann agus eisíodh deimhniú don Choimisiún um Chaighdeáin i leith na n-aisíocaíochtaí sin. (Féach Aguisín 1-Táblaí).

B’ionann agus **€112,320.38** na síntiúis a dhearbhaigh na hiarrthóirí nár éirigh leo in olltoghchán na Dála. Déantar achoimre sa tábla thíos ar na síntiúis a dhearbhaigh na hiarrthóirí, agus iad leagtha amach de réir páirtí polaitíochta:

**Tábla 1: Síntiúis a nocht iarrthóirí nár éirigh leo de réir páirtí polaitíochta**

| Páirtí Polaitíochta | Luach na síntiús airgid € | Luach na síntiús neamhairgid € | Luach iomlán na síntiús uile € |
|---|---:|---:|---:|
| An Comhaontas Frith-Dhéine agus Pobal roimh Bhrabús | 0.00 | 16,540.50 | 16,540.50 |
| Na Daonlathaithe Caitliceacha | 0.00 | 0.00 | 0.00 |
| Páirtí Cumannach na hÉireann | 0.00 | 0.00 | 0.00 |
| Daonlathas Duitse in Éirinn | 0.00 | 174.00 | 174.00 |
| Fianna Fáil | 0.00 | 29,411.00 | 29,411.00 |
| Fine Gael | 1000.00 | 2,334.00 | 3,334.00 |
| Fís Nua | 0.00 | 0.00 | 0.00 |
| Neamhspleáigh ar son an Athraithe | 0.00 | 0.00 | 0.00 |
| An Páirtí Daonlathach Éireannach | 0.00 | 0.00 | 0.00 |
| Neamhspleáigh | 900.00 | 19,975.57 | 20,875.57 |
| Renua Éireann | 0.00 | 2,820.00 | 2,820.00 |
| Sinn Féin | 0.00 | 1,000.00 | 1,000.00 |
| Na Daonlathaithe Sóisialta | 0.00 | 12,401.00 | 12,401.00 |
| An Comhaontas Glas | 0.00 | 7,245.01 | 7,245.01 |
| Páirtí an Lucht Oibre | 1,500.00 | 17,019.30 | 18,519.30 |
| Páirtí na nOibrithe | 0.00 | 0.00 | 0.00 |
| **IOMLÁN** | **3,400.00** | **108,920.38** | **112,320.38** |

Foráiltear le hailt 23A(1)(i) agus (ii) den Acht nach mór an síntiús a thabhairt ar ais don síntiúsóir laistigh de cheithre lá dhéag ón síntiús sin a fháil i gcás gur mó a luach ná an teorainn cheadaithe nó, i gcás gur síntiús airgid é, ní mór an chuid sin atá os cionn na teorann a thabhairt ar ais don síntiúsóir. Ní mór taifead scríofa a choinneáil ar thabhairt ar ais an tsíntiúis ionas go bhféadfar é a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá; nó, ní mór d'fhaighteoir an tsíntiúis, laistigh de ceithre lá dhéag ón síntiús a fháil, fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin síntiús agus an síntiús nó luach an tsíntiúis a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin.  I gcás síntiús airgid, ní mór an chuid de atá os cionn na teorann a chur ar ais.

Fuair roinnt iarrthóirí nár éirigh leo in olltoghchán na Dála 2016 síntiúis bharrachais.  Déantar achoimre sa tábla san Aguisín ar na síntiúis a dhearbhaigh na hiarrthóirí sin.

## Caibidil 3: Caiteachas toghcháin ag iarrthóirí agus ag páirtithe polaitíochta

### 3.1 Sainmhíniú ar speansais toghcháin

Foráiltear le halt 31(1) den Acht gurb é is speansais toghcháin ann ná na speansais sin, agus na speansais sin amháin, atá leagtha amach i mír 1 den Sceideal a ghabhann leis an Acht, ar speansais iad a thabhaítear agus maoin, earraí nó seirbhísí á soláthar lena n-úsáid don toghchán le linn na tréimhse toghcháin (féach mír 3.4 chun an sainmhíniú ar thréimhse toghcháin a fháil) chun:

- leasanna páirtí polaitíochta nó toghadh iarrthóra a chur chun cinn nó cur i gcoinne leasanna an pháirtí sin nó thoghadh an iarrthóra sin, nó
- beartais pháirtí polaitíochta nó ráitis pháirtí polaitíochta i dtaobh beartais pháirtí polaitíochta nó beartais iarrthóra eile ag an toghchán a chur i láthair, nó
- vótaí a lorg i bhfabhar iarrthóra i dtoghchán nó ina c(h)oinne, nó
- beartais iarrthóra nó tuairimí iarrthóra i dtaobh aon ghnó a bhaineann leis an toghchán a chur i láthair nó ráitis iarrthóra i dtaobh beartais pháirtí polaitíochta nó beartais iarrthóra eile ag an toghchán a chur i láthair, nó
- tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin ar aon slí eile.

I gcás go soláthraítear maoin, earraí nó seirbhísí saor in aisce nó faoi bhun an chostais agus go n-úsáidtear iad sin don toghchán le linn na tréimhse toghcháin, meastar gur speansas toghcháin iad sin agus ní mór cuntas a thabhairt iontu de réir a lánphraghais tráchtála lúide aon ghnáthlascaine nó aon lascaine ghinearálta atá ar fáil.

### 3.2 Speansais toghcháin ar freastalaíodh orthu le cistí poiblí

Ag eascairt as an mbreithiúnas a tugadh i gcás Kelly v An tAire Comhshaoil agus Daoine Eile, 2002 (4 I.R. 191), áit ar úsáideadh maoin, seirbhísí nó áiseanna chun críocha toghcháin le linn na tréimhse toghcháin agus ar freastalaíodh ar chostais na nithe sin le cistí poiblí ar dtús, ní mór cuntas a thabhairt i gcostais den sórt sin mar speansas toghcháin anois agus ní mór iad a thuairisciú de réir a lánluacha tráchtála.

Tugtar tuilleadh sonraí faoi sin i rannán 2.7.5 de na treoirlínte d'olltoghchán na Dála ón gCoimisiún um Chaighdeáin. Eisíodh na treoirlínte sin chuig gach iarrthóir. Sholáthair seasca iarrthóir faisnéis ina ráitis speansas toghcháin chun a chur in iúl gur le cistí poiblí a freastalaíodh ar chuid dá speansais. Níor dhearbhaigh na hiarrthóirí uile caiteachas ar freastalaíodh air le cistí poiblí. Níor dhearbhaigh aon pháirtí polaitíochta aon chaiteachas den sórt sin ach oiread. Ba é €50,626.76 iomlán foriomlán na gcostas ar freastalaíodh orthu le cistí poiblí.

### 3.3 Teorainneacha caiteachais

B'ionann na teorainneacha caiteachais reachtúla d'olltoghchán na Dála 2016 agus don olltoghchán sa bhliain 2011:

- Dáilcheantar 3 shuíochán - €30,150,
- Dáilcheantar 4 shuíochán - €37,650, agus
- Dáilcheantar 5 shuíochán - €45,200.

Tá feidhm ag an teorainn caiteachais reachtúil maidir le gach iarrthóir i ndáilcheantar agus tá CBL ar áireamh inti. Is ionann an teorainn reachtúil agus an caiteachas uasta a fhéadfar a dhéanamh ar iarrthóir i ndáilcheantar. Áirítear léi an caiteachas uile a dhéanann an gníomhaire toghcháin agus páirtí polaitíochta (ceanncheathrú agus eagraíocht áitiúil araon) ar iarrthóir. Ní cheadaítear aon chaiteachas ar leith ná aon chaiteachas breise ag páirtí polaitíochta ar iarrthóir atá os cionn na suime atá sannta don pháirtí ag an iarrthóir.

## 3.4 An tréimhse toghcháin

Tá feidhm ag an teorainn caiteachais in olltoghchán Dála maidir le gach speansas a thabhaítear agus le gach íocaíocht a dhéantar agus maoin, earraí nó seirbhísí á soláthar, i gcás go n-úsáidfear iad chun críocha toghcháin le linn na "tréimhse toghcháin". Foráiltear le halt 31(3)(a) den Acht go mairfidh an tréimhse toghcháin in olltoghchán Dála ó dháta lánscoir na Dála go lá na vótála, agus an dá dháta sin san áireamh. Lánscoireadh an Dáil an 3 Feabhra 2016 agus bhí lá na vótála ar siúl an 26 Feabhra 2016.

Tá an Coimisiún um Chaighdeáin ag éileamh arís agus arís eile go ndéanfaí athbhreithniú ar "an tréimhse toghcháin" le haghaidh toghcháin Dála agus Eorpacha ar mhaithe le dul i ngleic le cásanna ina n-úsáidtear caiteachas suntasach chun tacú le hiarrthóir páirtí ar leith nó le saincheist ar leith sula ngairfear toghchán. Tugadh an méid sin faoi deara go háirithe i gcás gur tionóladh olltoghchán Dála nuair a bhí an rialtas ag tarraingt ar dheireadh a lántéarma oifige. (Is é sin le rá, tá seans níos lú ann go dtabharfar faoi "thús-ualú" caiteachais i gcás go ngairfear toghchán "tobann"). Luaigh an Coimisiún um Chaighdeáin an méid seo a leanas san athbhreithniú a rinne sé ar an Acht Toghcháin sa bhliain 2003: *"Mar gheall ar an leibhéal díospóireachta agus tráchtaireachta atá á dhéanamh ar an tsaincheist seo (an tréimhse toghcháin) agus ar an mbaol atá ann go mbainfeadh an méid sin an bonn ó éifeachtacht na reachtaíochta i dtuairim an phobail, tá an Coimisiún um Chaighdeáin den tuairim gur cheart a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil údar ann le cuntasacht de chineál éigin a fhorchur i gcomhthéacs na dteorainneacha caiteachais i leith tréimhse shonraithe sula bhfógrófar an tréimhse toghcháin arna sainmhíniú leis an dlí."* Neartaíodh an tuairim sin arís eile bunaithe ar thaithí an Choimisiúin um Chaighdeáin ar an bhfeachtas toghcháin sa bhliain 2016 agus ar fheachtais roimhe sin.

## 3.5 Ráitis speansas toghcháin a eisiúint

Ceanglaíodh ar ghníomhaire toghcháin gach iarrthóra a chuaigh san iomaíocht san olltoghchán ráitis speansas toghcháin agus foirmeacha dearbhaithe reachtúil a thabhairt **faoi cheann 56 lá** i ndiaidh lá na vótála (i.e. faoin 22 Aibreán 2016). Ghníomhaigh roinnt gníomhairí toghcháin thar ceann níos mó ná iarrthóir amháin. I gcásanna den sórt sin, ceanglaíodh ar an ngníomhaire toghcháin ráiteas speansas toghcháin ar leith a thabhairt i ndáil le gach iarrthóir. Ghníomhaigh roinnt iarrthóirí mar ghníomhaire toghcháin dá bhfeachtas féin freisin. Chuaigh 551 iarrthóir aonair san iomaíocht sa toghchán sa bhliain 2016.

Chomh maith leis sin, ceanglaíodh go dtabharfaí ráiteas speansas toghcháin agus dearbhú reachtúil i ndáil leis na páirtithe polaitíochta uile a ndeachaigh a n-iarrthóirí san iomaíocht sa toghchán. Ba ghá na foirmeacha sin a thabhairt faoin 22 Aibreán 2016 freisin.

## 3.6 Daoine a tarchuireadh chuig an nGarda Síochána

*Iarrthóirí/gníomhairí toghcháin a tarchuireadh chuig an nGarda Síochána*

Is cion é faoi alt 25(1)(c) den Acht mainneachtain ráiteas síntiús/foirm dearbhaithe reachtúil a thabhairt. Chuir 121 dhuine de na 393 iarrthóir nár éirigh leo sa toghchán a ráiteas síntiús/a ndearbhú reachtúil isteach **i ndiaidh** an spriocdháta reachtúil an 22 Aibreán 2016.

Is cion é faoi alt 25(1)(c) den Acht mainneachtain deimhniú síntiús airgid/foirm dearbhaithe reachtúil agus/nó an ráiteas bainc gaolmhar a thabhairt. Chuir 123 dhuine de na 393 iarrthóir nár éirigh leo sa toghchán a ndeimhniú síntiús airgid/a bhfoirm dearbhaithe reachtúil agus/nó an ráiteas bainc gaolmhar isteach **i ndiaidh** an spriocdháta reachtúil an 22 Aibreán 2016.

Is cion é faoi alt 43(2)(c) den Acht mainneachtain ráiteas speansas toghcháin/dearbhú reachtúil a thabhairt. Chuir 84 dhuine de na 551 dhuine d’iarrthóirí/de ghníomhairí toghcháin ráiteas speansas toghcháin/dearbhú reachtúil isteach **i ndiaidh** an spriocdháta reachtúil an 22 Aibreán 2016.

Idir an 22 Aibreán 2016 agus deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2016, rinne an Coimisiún um Chaighdeáin teagmháil leis na hiarrthóirí sin a raibh a ndoiciméid fós amuigh. Eisíodh meabhrúcháin chuig na daoine sin, inar luadh gur cion é faoi ailt 25(1)(c) agus 43(2)(c) den Acht mainneachtain doiciméid a thabhairt nuair a iarrtar iad. Tugadh rabhadh iontu go ndéanfadh an Coimisiún um Chaighdeáin breithniú ar an ábhar a tharchur chuig an nGarda Síochána lena bhreithniú. Tharla sé gur éirigh leis na cumarsáidí sin feabhas a chur ar chomhlíonadh.

An 25 Samhain 2016, sheol an Coimisiún um Chaighdeáin 66 chomhad chuig Ceanncheathrú an Gharda Síochána maidir leis na hiarrthóirí sin a mhainnigh na doiciméid reachtúla riachtanacha a chur isteach. Áiríodh leis na daoine sin iarrthóirí/gníomhairí toghcháin a mhainnigh ráitis síntiús, deimhnithe síntiús airgid, dearbhuithe reachtúla, ráitis ó institiúid airgeadais nó ráitis speansas toghcháin a chur isteach.

Léirítear i dtábla 2 na 23 dhuine a mhainnigh aon doiciméid a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin agus a tarchuireadh chuig an nGarda Síochána dá bharr sin.

**Tábla 2: Daoine nár sholáthair aon doiciméid agus a tarchuireadh chuig an nGarda Síochána**

| **Ainm** | **Páirtí** | **Dáilcheantar** |
|---|---|---|
| Bullman, Paddy | Neamhspleách | Corcaigh Thoir |
| Cannon, Ross | Neamhspleách | Corcaigh Thoir |
| DeBrun, Marcus | Neamhspleách | Baile Átha Cliath-Fine Gall |
| Dillon, Michael | Neamhspleách | Tiobraid Árann |
| Dwyer, Michael (gníomhaire toghcháin do Patrick Manning) | Neamhspleách | Ceatharlach-Chill Chainnigh |
| Horgan, John (gníomhaire toghcháin do Ross Cannon) | Neamhspleách | Corcaigh Thoir |
| Hourihane, Elizabeth | Neamhspleách | Corcaigh Theas-Lár |
| Keohane, Ger | Neamhspleách | Corcaigh Thuaidh-Lár |
| Kiely, Thomas | Neamhspleách | Corcaigh Thuaidh-Lár |
| MacStiofain, Alan | Neamhspleách | Cuan Bhaile Átha Cliath Theas |

| | | |
|---|---|---|
| Manning, Patrick | Neamhspleách | Ceatharlach-Chill Chainnigh |
| McAdam, Seamus (gníomhaire toghcháin do James Mee) | Neamhspleách | An Cabhán-Muineachán |
| Mee, James | Neamhspleách | An Cabhán-Muineachán |
| Na hEaladh, Greim (gníomhaire toghcháin do Niamh O'Brien) | Fís Nua | An Clár |
| Ó Cadhla, Diarmaid | Neamhspleách | Corcaigh Theas-Lár |
| Ó Conaráin, Proinsias | Neamhspleách | Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh |
| O'Brien, Niamh | Fís Nua | An Clár |
| O'Connell, Fergal | Neamhspleách | Baile Átha Cliath-Fine Gall |
| Riordan, Denis | Neamhspleách | Cathair Luimnigh |
| Smith, Emmet | Neamhspleách | An Cabhán-Muineachán |
| Summerville-Molloy, Joan | Neamhspleách | Baile Átha Cliath Thiar Theas |
| Sweeney, Bernard | Neamhspleách | Sligeach-Liatroim |
| Tyrrell, Sarah | Renua Éireann | An Mhí Thoir |

Léirítear i dtábla 3 na 43 dhuine a mhainnigh na doiciméid riachtanacha atá liostaithe a sholáthar nó nár sholáthair soiléire ná tuilleadh sonraí nuair a d'iarr an Coimisiún um Chaighdeáin orthu déanamh amhlaidh agus a tarchuireadh chuig an nGarda Síochána dá bharr sin.

**Tábla 3: Daoine a sholáthair doiciméid neamhiomlána agus a tarchuireadh chuig an nGarda Síochána**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Leslie, Antonia (gníomhaire toghcháin do Aoife O'Connell) | Daonlathas Duitse in Éirinn | An Cabhán-Muineachán | Ba neamhiomlán a bhí an dearbhú reachtúil maidir leis an ráiteas speansas toghcháin |
| Beirne, Michael | Neamhspleách | Cill Dara Thuaidh | Ráiteas speansas toghcháin |
| Connor, Anthony | Daonlathas Duitse in Éirinn | Lú | Deimhniú síntiús airgid, ráiteas síntiús agus dearbhú reachtúil |
| Deegan, Liam (gníomhaire toghcháin do Michael McDermott) | Daonlathas Duitse in Éirinn | An Cabhán-Muineachán | Ba neamhiomlán a bhí an dearbhú reachtúil maidir leis an ráiteas speansas toghcháin |
| Duffy, Francis Noel | An Comhaontas Glas | Baile Átha Cliath Thiar Theas | Ráiteas bainc |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fitzgerald, Shane | Renua Éireann | Cill Dara Thuaidh | Níor comhlánaíodh an deimhniú síntiús airgid agus bhí an litir sannacháin amuigh |
| Gilroy, Ben | Daonlathas Duitse in Éirinn | An Mhí Thoir | Deimhniú síntiús airgid, ráiteas síntiús agus dearbhú reachtúil |
| Greene, Patrick | Daonlathas Duitse in Éirinn | Lú | Deimhniú síntiús airgid/ráiteas síntiús agus dearbhú reachtúil |
| Griffin, Shirley | Neamhspleách | Corcaigh Thiar Thuaidh | Bhí an dearbhú reachtúil maidir leis an ráiteas speansas toghcháin amuigh |
| Hayes, Desmond J | Neamhspleách | Cathair Luimnigh | Deimhniú síntiús airgid/ráiteas síntiús agus dearbhú reachtúil |
| Healy, Christopher | Daonlathas Duitse in Éirinn | Baile Átha Cliath Thiar-Meán | Deimhniú síntiús airgid, ráiteas síntiús agus dearbhú reachtúil |
| Heffernan, James | Na Daonlathaithe Sóisialta | Contae Luimnigh | Bhí an gníomhaire toghcháin mícheart ainmnithe ar an ráiteas speansas toghcháin agus bhí leathanach 2 den ráiteas síntiús neamhiomlán |
| Hunt, Carol | Neamhspleách | Dún Laoghaire | Ráiteas speansas toghcháin |
| Jackson, Donal | Neamhspleách | An Longfort-an Iarmhí | Ráiteas speansas toghcháin |
| Jordan, Peter | Neamhspleách | Maigh Eo | Ráiteas speansas toghcháin |
| Kenneally, Ciarán | Renua Éireann | Corcaigh Theas-Lár | Deimhniú síntiús airgid, ráiteas síntiús agus dearbhú reachtúil |
| Killian, Nicholas (gníomhaire toghcháin do Sharon Keogan) | Neamhspleách | An Mhí Thoir | Bhí an leathanach deiridh den dearbhú reachtúil amuigh |
| McDermott, Michael | Daonlathas Duitse in Éirinn | An Cabhán-Muineachán | Níor chomhlánaíodh an deimhniú síntiús airgid ná an dearbhú reachtúil |

| | | | |
|---|---|---|---|
| McDonagh, Seamus | Páirtí na nOibrithe | An Mhí Thoir | Bhí an ráiteas speansas toghcháin amuigh agus bhí an dearbhú reachtúil neamhiomlán |
| McElhinney, George (gníomhaire toghcháin do Tracey McElhinney) | Páirtí an Lucht Oibre | An Mhí Thiar | Dearbhú reachtúil maidir leis an ráiteas speansas toghcháin |
| McElhinney, Tracey | Páirtí an Lucht Oibre | An Mhí Thiar | Bhí an ráiteas síntiús agus an ráiteas bainc amuigh. Bhí an dearbhú reachtúil neamhiomlán |
| McGarvey, Ian | Neamhspleách | Dún na nGall | Deimhniú síntiús airgid, ráiteas síntiús agus dearbhú reachtúil |
| Miller, James | Neamhspleách | An Longfort-an Iarmhí | Deimhniú síntiús airgid agus dearbhú reachtúil |
| Mohally, Michael | Neamhspleách | Corcaigh Theas-Lár | Ráiteas speansas toghcháin |
| Molloy, Gerry | Renua Éireann | Baile Átha Cliath-Fine Gall | Deimhniú síntiús airgid, ráiteas síntiús agus dearbhú reachtúil |
| Mooney, Michael | Neamhspleách | Dún na nGall | Bhí an ráiteas speansas toghcháin amuigh agus níor comhlánaíodh an dearbhú reachtúil ná an ráiteas síntiús |
| Moore, Sinéad | An Comhaontas Glas | Laois | Bhí an gníomhaire toghcháin mícheart ainmnithe ar an ráiteas speansas toghcháin |
| Murray, Gabriel (gníomhaire toghcháin do Noel Walsh) | Neamhspleách | Ceatharlach-Chill Chainnigh | Ráiteas speansas toghcháin |
| Ó Céadaigh, Cón (gníomhaire toghcháin do Charlie Keddy) | Neamhspleách | Cill Mhantáin | Bhí an ráiteas speansas toghcháin neamhiomlán |
| O’Boyle, Gerry | Neamhspleách | Maigh Eo | Deimhniú síntiús airgid, ráiteas síntiús agus dearbhú reachtúil |
| O’Connell, Aoife | Daonlathas Duitse in Éirinn | An Cabhán-Muineachán | Deimhniú síntiús airgid, ráiteas síntiús |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | agus dearbhú reachtúil |
| O’Connell, Louis (gníomhaire toghcháin do Brendan Griffin, do Jimmy Deenihan agus do Grace O’Donnell) | Fine Gael | Ciarraí | Ceisteanna maidir leis na héilimh ar na ráitis speansas toghcháin don triúr iarrthóirí, agus iarraidh ar shonraisc amuigh do Griffin agus do Deenihan |
| O’Gorman, John | Neamhspleách | Contae Luimnigh | Ráiteas speansas toghcháin |
| O’Neill, Damien | Neamhspleách | Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh | Níor chomhlánaíodh an deimhniú síntiús airgid |
| O'Hora, Leslie V | An Comhaontas Glas | Sligeach/Liatroim | Deimhniú síntiús airgid agus dearbhú reachtúil |
| Powell, Gillian | Neamhspleách | Corcaigh Thiar Theas | Ráiteas bainc |
| Reilly, James | Fine Gael | Baile Átha Cliath-Fine Gall | Cruthúnas nár tugadh síntiús barrachais ar ais |
| Ryan-Freehan, Teresa | Neamhspleách | Uíbh Fhailí | Bhí an gníomhaire toghcháin mícheart ainmnithe ar an ráiteas speansas toghcháin |
| Sheridan, Seamus | Neamhspleách | Gaillimh Thiar | Bhí an gníomhaire toghcháin mícheart ainmnithe ar an ráiteas speansas toghcháin |
| Smyth, Mary | Neamhspleách | An Cabhán-Muineachán | Ráiteas síntiús agus deimhniú síntiús airgid |
| Tierney, Eoin | Neamhspleách | Cuan Bhaile Átha Cliath Theas | Ceist maidir le síntiús a fuarthas |
| Timmons, Francis | Neamhspleách | Baile Átha Cliath Thiar-Meán | Níor chomhlánaíodh an deimhniú síntiús airgid |
| Whitehead, Raymond | Daonlathas Duitse in Éirinn | Dún Laoghaire | Ráiteas speansas toghcháin |

*RS – ráiteas síntiús, DSA –deimhniú síntiús airgid, DR – dearbhú reachtúil, RB – ráiteas bainc, RST – ráiteas speansas toghcháin, GT – gníomhaire toghcháin*

## 3.7 Caiteachas tuairiscithe sa toghchán

Leagtar amach i dtábla 4 thíos an caiteachas foriomlán a dhearbhaigh gníomhairí toghcháin agus páirtithe sna dáilcheantair uile.

**Tábla 4: Caiteachas dáilcheantair foriomlán san olltoghchán sa bhliain 2016**

| Caiteachas Gníomhairí Toghcháin/Iarrthóirí i ndáilcheantair € | Caiteachas Gníomhairí Náisiúnta/Páirtithe ar iarrthóirí i ndáilcheantair € | Caiteachas Gníomhairí Náisiúnta/Páirtithe ar bhonn náisiúnta ("Caiteachas Náisiúnta") € | Caiteachas iomlán i ndáilcheantair € |
|---|---|---|---|
| **5,609,859.44** | **579,096.83** | **2,205,379.62** | **8,394,832.89** |

*Ráitis Speansas Toghcháin na nGníomhairí Náisiúnta*

Rinne an Coimisiún um Chaighdeáin breithniú ar na Ráitis Speansas Toghcháin seo de réir alt 4(1) den Acht. Ceanglaíodh ar ghníomhairí náisiúnta cuntas a thabhairt i gcaiteachas náisiúnta agus i gcaiteachas ar iarrthóirí aonair. Cé gur tarraingíodh roinnt ceisteanna anuas agus go raibh roinnt ceartuithe ag teastáil, fuair an Coimisiún um Chaighdeáin dea-chomhar ó na gníomhairí náisiúnta maidir lena Ráitis Speansas Toghcháin a leasú agus a sheoladh ar ais.

Déantar achoimre i dtábla 5 ar an gcaiteachas foriomlán ag gníomhairí toghcháin agus ag páirtithe sna dáilcheantair uile.

**Tábla 5: Caiteachas foriomlán san olltoghchán sa bhliain 2016**

| Páirtí | Caiteachas Gníomhairí Toghcháin/Iarrthóirí i ndáilcheantair | Caiteachas Gníomhairí Náisiúnta/Páirtithe ar iarrthóirí i ndáilcheantair | Caiteachas Gníomhairí Náisiúnta/Páirtithe ar bhonn náisiúnta ("Caiteachas Náisiúnta") | Luach iomlán an chaiteachais uile |
|---|---|---|---|---|
| An Comhaontas Frith-Dhéine agus Pobal roimh Bhrabús | 203,658.4 | 58,110.63 | 5,173.45 | 266,942.48 |
| Na Daonlathaithe Caitliceacha | 984.87 | 2,514.04 | 0 | 3,498.91 |
| Páirtí Cumannach na hÉireann | 4,500 | 0 | 4,300 | 8,800 |
| Daonlathas Duitse in Éirinn | 28,505.28 | 0 | 0 | 28,505.28 |
| Fianna Fáil | 1,132,421.38 | 225,224.13 | 330,270.78 | 1,687,916.29 |
| Fine Gael | 1,348,272.67 | 207,006.83 | 1,213,602 | 2,768,881.50 |
| Fís Nua | 0 | 0.00 | 0.00 | 0 |
| Neamhspleáigh ar son an Athraithe | 51,669.18 | 0 | 0 | 51,669.18 |
| An Páirtí Daonlathach Éireannach | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Comhaontas Neamhspleách Chiarraí Theas | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Neamhspleáigh | 1,201,601.33 | 0.00 | 0 | 1,201,601.33 |
| Renua Éireann | 234,224.66 | 27,158.43 | 24,846.95 | 286,230.04 |
| Sinn Féin | 573,364.80 | 8,367.17 | 68,458.41 | 650,190.38 |
| Na Daonlathaithe Sóisialta | 144,003.56 | 0 | 46,583.37 | 190,586.93 |
| An Comhaontas Glas | 140,526.26 | 0 | 6,266.01 | 146,792.27 |
| Páirtí an Lucht Oibre | 527,124.13 | 50,715.60 | 505,878.65 | 1,083,718.38 |
| Páirtí na nOibrithe | 19,002.92 | 0 | 0 | 19,002.92 |
| **IOMLÁN** | **5,609,859.44** | **579,096.83** | **2,205,379.62** | **8,394,832.89** |

Is féidir an caiteachas náisiúnta iomlán ("Caiteachas Náisiúnta") ag Gníomhairí Náisiúnta/Páirtithe a mhiondealú arís eile faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Fógraíocht: €702,227.50
- Póstaeir Thoghcháin: €416,544.50
- Poiblíocht: €365,031.20
- Taighde Margaidh: €269,060.20
- Ábhar Eile Toghcháin: €150.117.90
- Oibrithe Feachtais: €111,854.20
- Iompar agus Taisteal: €99,493.83
- Oifig agus Stáiseanóireacht: €91,050.35

**Tábla 6 Miondealú ar chaiteachas náisiúnta de réir páirtí polaitíochta**

| **Páirtí** | **Fógraíocht** | **Poiblíocht** | **Póstaeir** | **Ábhar Eile** | **Oifig agus Stáiseanóireacht** | **Iompar agus Taisteal** | **Taighde Margaidh** | **Oibrithe Feachtais** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Comhaontas Frith-Dhéine agus Pobal roimh Bhrabús | 307.50 | 1,294.60 | 3,376.35 | 0 | 195 | 0 | 0 | 0 | **5,173.45** |
| Na Daonlathaithe Caitliceacha | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Páirtí Cumannach na hÉireann | 0 | 0 | 700 | 3,500 | 0 | 100 | 0 | 0 | **4,300** |
| Fianna Fáil | 27,393.66 | 47,105.16 | 145,891.02 | 47,064.17 | 48,763.88 | 10,302.89 | 0 | 3,750 | **330,270.78** |
| Fine Gael | 440,480 | 232,194 | 136,556 | 18,332 | 4,704 | 35,874 | 252,747 | 92,715 | **1,213,602** |
| Renua Éireann | 3,086.91 | 16,739.54 | 375.15 | 30.69 | 1,458.50 | 0 | 0 | 3,156.16 | **24,846.95** |
| Sinn Féin | 18,253.82 | 3,721.50 | 15,885.50 | 6,936.35 | 6,911.24 | 16,750 | 0 | 0 | **68,458.41** |
| Na Daonlathaithe Sóisialta | 0 | 18,409.49 | 1,623.60 | 23,717.09 | 2,065 | 561.69 | 206.50 | 0 | **46,583.37** |
| An Comhaontas Glas | 0 | 1,528.80 | 0 | 4,103.48 | 379.87 | 253.86 | 0 | 0 | **6,266.01** |
| Páirtí an Lucht Oibre | 212,705.64 | 44,038.10 | 112,136.91 | 46,434.08 | 26,572.86 | 35,651.39 | 16,106.67 | 12,233 | **505,878.65** |
| **IOMLÁN** | 702,227.50 | 365,031.20 | 416,544.50 | 150,117.90 | 91,050.35 | 99,493.83 | 269,060.20 | 111,854.20 | **2,205,379.62** |

Ba é €2,205,379.62 an caiteachas náisiúnta i measc na bpáirtithe uile. Tá an figiúr sin de bhreis ar an gcaiteachas dáilcheantair dar luach €6,188,956.27 a nocht gníomhairí toghcháin na n-iarrthóirí agus gníomhairí náisiúnta na bpáirtithe polaitíochta. Dá bhrí sin, b'ionann agus **€8,394,832.89** na speansais toghcháin fhoriomlána a tabhaíodh thar ceann iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta san olltoghchán sa bhliain 2016.

**Caibidil 4: Speansais toghcháin iarrthóirí a aisíoc**

Foráiltear le halt 21(1) den Acht do speansais toghcháin a aisíoc le hiarrthóirí cáilithe in olltoghchán Dála. D'fhonn cáiliú d'aisíocaíocht, ní mór

- gur toghadh iarrthóir sa toghchán, nó
- go bhfuair iarrthóir, i gcás nár toghadh é/í, aon cheathrú den chuóta sa dáilcheantar ag aon chéim den chomhaireamh vótaí.

Is é €8,700 an tsuim uasta a fhéadfar a aisíoc le hiarrthóirí cáilithe i dtoghcháin Dála. Bhí iarrthóirí a cháiligh d'aisíocaíocht incháilithe, dá bhrí sin, do €8,700 nó do shuim iarbhír na speansas toghcháin a tabhaíodh thar a gceann a fháil, cibé acu ba lú. Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeáin faoi alt 21(d) den Acht a dheimhniú don Aire Airgeadais go bhfuil iarrthóir incháilithe d'aisíocaíocht a fháil i leith a speansas toghcháin. Tá sé de chleachtas ag an gCoimisiún um Chaighdeáin gan foirm iarratais ar Aisíocaíocht Speansas Toghcháin a eisiúint chuig iarrthóir cáilithe go dtí go dtabharfar gach ábhar a bhaineann lena t(h)uairisceán reachtúil chun críche.

Mar a tharla, tarchuireadh roinnt iarrthóirí a bhí ag iarraidh aisíocaíochta chuig an nGarda Síochána. Dá bhrí sin, ní eiseofar aon aisíocaíochtaí chucu go dtí go bhfaighidh an Coimisiún um Chaighdeáin na doiciméid lán-chomhlánaithe uile ina leith.

In olltoghchán na Dála sa bhliain 2016, cháiligh 321 iarrthóir san iomlán d'aisíocaíocht speansas toghcháin. Léirítear i dtábla 7 thíos suim iomlán na n-aisíocaíochtaí a deimhníodh go dtí seo. Próiseálfar tuilleadh iarratas de réir mar a fhaightear iad.

**Tábla 7 Aisíocaíochtaí a rinneadh**

| **An Líon Iarrthóirí Cáilithe** | **An Líon Deimhnithe a eisíodh** | **Luach iomlán na nAisíocaíochtaí a eisíodh go dtí seo** |
|---|---|---|
| 321 | 316 | €2,692,754.71 |

**Caibidil 5: Gníomhaíocht i measc "daoine eile"/"tríú páirtithe" sa toghchán**

Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin nótaí míniúcháin le chéile inar leagadh amach na ceanglais atá ar "dhaoine eile" agus ar "thríú páirtithe" in olltoghchán na Dála. Foilsíodh na nótaí sin ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin. Eisíodh na nótaí míniúcháin chuig aon duine a raibh an Coimisiún um Chaighdeáin ar an eolas go raibh sé/sí ag tabhú speansas in olltoghchán na Dála agus chuig aon duine ar mheas an Coimisiún go bhféadfadh go raibh sé/sí ag tabhú speansas san olltoghchán.

Faoi mar a cheanglaítear orthu faoi alt 31(7) den Acht, chuir na grúpaí seo a leanas in iúl roimh ré don Choimisiún um Chaighdeáin go raibh sé beartaithe acu speansais toghcháin a thabhú:

- Feachtas Mhuintir an Oirthuaiscirt in Éadan Piolón,
- An Feachtas ar Son na Beatha, agus
- An Comhaontas Neamhspleách.

Ceanglaíodh ar gach duine a thabhaigh speansais toghcháin de bhun alt 31(7) den Acht ráiteas speansas toghcháin a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 22 Aibreán 2016. Rinne an Comhaontas Neamhspleách agus an Feachtas ar Son na Beatha araon foirmeacha ráiteas speansas toghcháin a chomhlánú agus a chur isteach laistigh den spriocdháta reachtúil. Thug Feachtas Mhuintir an Oirthuaiscirt in Éadan Piolón ráiteas speansas toghcháin an 5 Bealtaine 2016. Ba iad speansais dar luach iomlán €40,863.33 a nocht na "daoine eile" sin a thug ráiteas speansas toghcháin. Léirítear i dtábla 8 sonraí faoi na speansais a tabhaíodh.

**Tábla 8 Caiteachas ag "daoine eile"**

| Ainm | Suim an chaiteachais<br>€ |
|---|---:|
| Feachtas Mhuintir an Oirthuaiscirt in Éadan Piolón | 0.00 |
| An Feachtas ar Son na Beatha | 40,311.03 |
| An Comhaontas Neamhspleách | 552.30 |
| **Iomlán** | **40,863.33** |

**Caibidil 6: Foilsiú ráiteas síntiús agus ráiteas speansas toghcháin a tugadh don Choimisiún um Chaighdeáin**

De réir alt 24(7)(a) den Acht, rinneadh cóip leictreonach de gach ráiteas síntiús a fuair an Coimisiún um Chaighdeáin ó iarrthóirí nár éirigh leo in olltoghchán na Dála a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas. Mar a luadh roimhe seo, tharchuir an Coimisiún um Chaighdeáin roinnt comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Má tharlaíonn sé go bhfaighidh an Coimisiún ráiteas síntiús/ráitis síntiús atá amuigh am éigin amach anseo, tabharfar fógra don Gharda Síochána faoi/fúthu sin agus cuirfear socruithe i bhfeidhm chun an ráiteas síntiús/na ráitis síntiús a leagan faoi bhráid an Oireachtais. Cuirfear iad ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal a luaithe a gheofar iad freisin.

De réir alt 37(1) den Acht, rinneadh cóip de gach ráiteas speansas toghcháin a tugadh don Choimisiún um Chaighdeáin i ndáil le holltoghchán na Dála agus ar deimhin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin gur comhlánaíodh i gceart iad a leagan go leictreonach faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas. De réir alt 73 den Acht, tá na ráitis síntiús agus na ráitis speansas toghcháin a fuair an Coimisiún um Chaighdeáin, mar aon leis na sonraisc, na hadmhálacha agus na dearbháin ábhartha, á gcur ar fáil lena n-iniúchadh agus lena gcóipeáil ag an bpobal in oifigí an Choimisiúin um Chaighdeáin. Mar a luadh roimhe seo, tharchuir an Coimisiún um Chaighdeáin roinnt comhad chuig an nGarda Síochána. Má tharlaíonn sé go bhfaighidh an Coimisiún ráiteas speansas toghcháin/ráitis speansas toghcháin atá amuigh am éigin amach anseo, tabharfar fógra don Gharda Síochána faoi/fúthu sin agus cuirfear socruithe i bhfeidhm chun an ráiteas speansas toghcháin/na ráitis speansas toghcháin a leagan faoi bhráid an Oireachtais. Cuirfear iad ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal a luaithe a gheofar iad freisin.

**Caibidil 7: Leasuithe beartaithe ar an reachtaíocht**

Agus forálacha an Achta Toghcháin á riar aige, shainaithin an Coimisiún um Chaighdeáin roinnt leasuithe ar an Acht lena ndéanfaí an tAcht a fheabhsú, a shoiléiriú nó a neartú dá gcuirfí chun feidhm iad. Tagraíodh do roinnt de na leasuithe sin ní ba luaithe sa tuarascáil seo. Tagraíodh dóibh i bhfóraim eile freisin. Is iad seo a leanas na leasuithe atá beartaithe:

1. Mar chomhlacht a bhfuil freagracht air as maoirseacht a dhéanamh ar an Acht Toghcháin, ba cheart ról reachtúil a bheith ag an gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta agus tuairisc a thabhairt ar a chinntí.
2. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht toghcháin a luaithe a chuirfear Coimisiún Toghcháin ar bun, faoi mar atá beartaithe sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta.
3. Níor cheart fógra faoi athrú gníomhaire toghcháin a thabhairt do Cheann Comhairimh an dáilcheantair lena mbaineann. Cruthaíonn sé sin leibhéal neamhriachtanach maorlathais do gach duine lena mbaineann. Chomh maith leis sin, is féidir leis moill a chur ar an gCoimisiún um Chaighdeáin ráitis speansas toghcháin nach bhfuil comhlánaithe ag an ngníomhaire toghcháin a thabhairt chun críche. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún um Chaighdeáin gurbh fhearr ceanglas a chur ar iarrthóirí fógra a thabhairt go díreach don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheapadh gníomhaire toghcháin nó faoi athrú gníomhaire toghcháin.
4. Tá imní ar an gCoimisiún go mbaineann "tús-ualú" caiteachais toghcháin an bonn ó éifeachtacht na dteorainneacha caiteachais agus go bhféadfadh sé dearcadh a chothú nach bhfuil i gcuntasaíocht i gcaiteachas toghcháin ach gníomhaíocht mhaorlathach. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhféadfaí féachaint go réasúnach ar chaiteachas a dhéantar chun earraí, maoin agus seirbhísí a cheannach chun críocha toghcháin sa 2 mhí nó sna 3 mhí roimh ghairm fhoirmiúil an toghcháin mar chaiteachas a bhfuil sé i gceist leis tacaíocht ag an toghchán a mhéadú d'iarrthóir nó do pháirtí polaitíochta. Dá bhrí sin, measann sé gur cheart an caiteachas sin a chur ar áireamh sna speansais a thuairisceofar.

## Aguisín

Síntiúis Bharrachais a fuair iarrthóirí nár éirigh leo sa toghchán:

| Páirtí | Iarrthóir | Dáilcheantar | Síntiúsóir | Luach Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Fianna Fáil | Mary Hoade | Gaillimh Thiar | Bridgemore Construction Management Ltd. | Fuarthas síntiús €300 Tugadh síntiús barrachais €100 ar ais |
| Fianna Fáil | Aoife Byrne | Loch Garman | Fianna Fáil Loch Garman | Fuarthas seic dar luach €1500 Tugadh síntiús barrachais €500 ar ais |
| Fine Gael | James Reilly | Baile Átha Cliath-Fine Gall | Denis Hartford | Fuarthas síntiús airgid €1000 Táthar ag feitheamh le deimhniú a fháil gur tugadh an síntiús barrachais ar ais *mar a bhí an scéal ag an 12 Nollaig 2016 |
| Fine Gael | Joe O'Reilly | An Cabhán-Muineachán | Grant Thornton<br><br>Buddy Kiernan Milling | Fuarthas síntiús €667 agus tugadh síntiús barrachais €467 ar ais<br><br>Fuarthas síntiús €667 agus tugadh síntiús barrachais €467 ar ais |
| Neamhspleách | Eoin Tierney | Cuan Bhaile Átha Cliath Theas | Ní eol ainm na cuideachta | Fuarthas síntiús airgid €400 Táthar ag feitheamh le deimhniú a fháil gur tugadh an síntiús barrachais ar ais |
| Neamhspleách | Jerry Cowley | Maigh Eo | Cumann Liachleachtóirí Ginearálta Mhaigh Eo<br><br>Achill Pharmacy<br><br>An Institiúid um Shláinte Tuaithe<br><br>Newport Pharmacy | Fuarthas síntiús €1000 Tugadh síntiús barrachais €800 ar ais<br><br>Fuarthas síntiús €300 Tugadh síntiús barrachais €100 ar ais<br><br>Fuarthas síntiús €2000 Tugadh síntiús barrachais €1800 ar ais<br><br>Fuarthas síntiús €1000 Tugadh síntiús barrachais €800 ar ais |
| Neamhspleách | John Paul O'Shea | Corcaigh Thiar Thuaidh | John Barrett | Fuarthas seic dar luach €2000 Tugadh síntiús barrachais €1000 ar ais |
| Neamhspleách | Tony Murphy | Baile Átha Cliath-Fine Gall | Country Crest | Fuarthas síntiús €1000 (seoladh tiomsú airgid) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | Tugadh síntiús barrachais €800 ar ais |
| An Comhaontas Glas | Joe O'Brien | Baile Átha Cliath-Fine Gall | Glasaigh Bhaile Átha Cliath-Fhine Gall | Fuarthas seic dar luach €1000<br>Tugadh síntiús barrachais €800 ar ais |
| An Comhaontas Glas | Michael Fitzgerald | Ciarraí | Michael Gaffney | Fuarthas síntiús €1500 agus tugadh síntiús barrachais €500 ar ais |
| An Comhaontas Glas | Oisín Ó hAlmhain | Baile Átha Cliath Theas-Lár | An Comhaontas Glas | Fuarthas seic €500<br>Táthar ag feitheamh le deimhniú a fháil gur tugadh an síntiús barrachais ar ais |
| Páirtí an Lucht Oibre | Carrie Smyth | Dún Laoghaire | Comhairle Náisiúnta Mhná Pháirtí an Lucht Oibre | Fuarthas seic dar luach €1000<br>Táthar ag feitheamh le deimhniú a fháil gur tugadh na síntiúis bharrachais ar ais nó go raibh an síntiúsóir cláraithe mar shíntiúsóir corparáideach<br>*mar a bhí an scéal ag an 12 Nollaig 2016 |
| Páirtí an Lucht Oibre | Ciarán Lynch | Corcaigh Theas-Lár | Paul Farrelly<br>Ian Kingston<br>Sean O'hUigin | Fuarthas síntiús airgid €500 agus tugadh síntiús barrachais €300 ar ais<br>Fuarthas síntiús airgid €500 agus tugadh síntiús barrachais €300 ar ais<br>Fuarthas síntiús airgid €500 agus tugadh síntiús barrachais €300 ar ais |
| Sinn Féin | Seamus Seán Morris | Tiobraid Árann | Ceardchumann na nOibrithe Cumarsáide | Fuarthas seic dar luach €500 agus tugadh síntiús barrachais €300 ar ais |

**Achoimre**

- Ba é Fine Gael an páirtí a chaith an tsuim ba mhó sa toghchán, agus caiteachas **€2,768,881.50** á thabhú aige (bhí sé sin 39% ní b'airde ná Fianna Fáil, an chéad chaiteoir ba mhó eile, a chaith **€1,687,916.29**)
- Leanann an caiteachas foriomlán ar olltoghcháin de bheith ag titim. Tá laghdú 9.5% tagtha air ón mbliain 2011, agus é ag titim go **€8,394,832.89**
- Leanann na síntiúis fhoriomlána arna ndearbhú ag iarrthóirí de bheith ag titim. Tá laghdú de thart ar 66% tagtha ar luach na síntiús dearbhaithe ón mbliain 2011, agus iad ag titim ó €285,618 go **€112,320.38** (tháinig an figiúr don bhliain 2011 anuas 46% cheana féin, i gcomparáid leis an bhfigiúr iomlán €531,380 don bhliain 2007)
- Aisíocadh breis agus **€2.6m** le hiarrthóirí cáilithe
- Ba é Tiobraid Árann an Dáilcheantar ina raibh an caiteachas ba mhó ar Ghníomhairí Toghcháin (€263,133.33)
- Ba é Ros Comáin-Gaillimh an Dáilcheantar ina raibh an caiteachas ba mhó ar Ghníomhairí Náisiúnta (**€32,806.01**)
- Ba é Tiobraid Árann an Dáilcheantar ina raibh an caiteachas comhcheangailte ba mhó (€283,071.95)